



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 14.1.2020  
COM(2020) 23 final

2018/0196 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 28 Samhain 2018 chuir an Coimisiún i láthair a fhís fhadtéarmach le haghaidh geilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050<sup>1</sup>. Leis an straitéis seo léirítear an bealach inar féidir leis an Eoraip a bheith ina ceannródaí i dtaca leis an neodracht ó thaobh na haeráide de trí infheistiú i réitigh réalaíocha teicneolaíochta, saoránaigh a chumhachtú, agus gníomhaíocht a ailíniú i réimsí tábhachtacha amhail beartas tionsclaíoch, airgeadas nó taighde agus san am céanna cothroime shóisialta a áirithiú le haghaidh aistriú cóir.

Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an gComhshocrú Glas don Eoraip<sup>2</sup>, molann an Coimisiún Sásra um Aistriú Cóir chun na tograí buiséadacha agus dlíthiúla atá curtha ar an gclár don tréimhse 2021-2027 a chomhlánú. Leis an Sásra um Aistriú Cóir cuimsítear Ciste um Aistriú Cóir faoi bheartas comhtháthaithe. Déantar an Ciste um Aistriú Cóir a chur ar bun trí rialachán tiomnaithe ina leagtar síos an cuspóir sonrach atá leis, an cumhdach geografach atá ann, an mhodheolaíocht maidir le leithdháileadh acmhainní airgeadais agus ábhar na bpleananna críochacha um aistriú cóir is gá chun bheith ina mbonn daingean leis an gclársceidealú.

Beidh an Ciste um Aistriú Cóir comhlántach leis na cistí beartais comhtháthaithe atá beartaithe, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE'), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus ('CSE+') agus an Ciste Comhtháthaithe agus ar an gcaoi sin déanfar é a chur chun feidhme faoi mbeartas comhtháthaithe. Déanfar an bainistiú foriomlán a rialú leis na forálacha a leagtar amach faoin togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí ('Rialachán na bhForálacha Coiteanna'). Dá bhrí sin, is gá an togra seo a leasú chun an Ciste um Aistriú Cóir d'fhonn an Ciste um Aistriú Cóir a leabú mar Chiste nua faoin mbeartas comhtháthaithe.

### 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

#### • Bunús dlí

Tá údar maith le gníomhaíocht AE faoi Airteagal 174, mír 1, CFAE: "Déanfaidh an tAontas a chuid gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a shaothrú ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Go háirithe, féachfaidh an tAontas go háirithe leis na héagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú".

#### • Coimhdeacht agus comhréireacht

I gcomhréir le hAirteagal 4(2) CFAE tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas Eorpach leis na Ballstáit i réimse an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh agus maidir le

<sup>1</sup> "Pláinéad Glan le haghaidh Fís uile-Eorpach straitéiseach fhadtéarmach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá neodrach ó thaobh na haeráide", Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún, agus chuig an mBanc Eorpach Infheistiúcháin - COM(2018) 773 final.

<sup>2</sup> Féach COM(2019) 640 final.

gnéithe áirithe den bheartas sóisialta chomh maith. Tá an inniúlacht aige gníomhaíochtaí a chur i gcrích chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse an oideachais agus na gairmoiliúna agus i réimse na tionsclaíochta chomh maith (Airteagal 6 CFAE).

Is é is aidhm do bhainistíocht chomhroinnte a áirithiú go ndéantar cinntí ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir agus go bhfuil údar cuí le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, agus na féidearthachtaí agus na saintréithe atá ann ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil á gcur san áireamh. Le bainistíocht chomhroinnte tugtar an tAontas Eorpach níos gaire don saoránach agus nasctar riachtanais áitiúla le cuspóirí Eorpacha. Ina theannta sin, de bharr an chumhacht chun cinntí a dhéanamh agus freagrachtaí a bheith i bpáirt le chéile ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún, méadaíonn braithstint daoine go bhfuil úinéireacht acu ar chuspóirí an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear leis an Rialachán seo an togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna<sup>3</sup>.

### **3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I meabhrúchán míniúcháin an chéad togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna déantar mionsonrú ar na comhairliúcháin a rinneadh leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara agus ar an dóigh ina léirítear na haischuir comhfhreagracha. Leis an leasú seo ní éilítear tuilleadh comhairliúcháin.

- **Meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair**

I meabhrúchán míniúcháin an chéad togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna déantar mionsonrú ar thorthaí na meastóireachtaí *ex-post* agus eatramhacha a rinneadh chun tacú leis an togra.

Dearbhaítear ann freisin nach bhfuil an Rialachán faoi réir measúnú tionchair toisc go leagtar amach ann rialacha comhchoiteanna agus sásra seachadta le haghaidh beartais agus Cistí éagsúla faoi bhainistíocht chomhroinnte. Maidir leis na Rialacháin a bhaineann go sonrach le gach Ciste lena dtugtar tacaíocht, os a choinne sin, tá measúnuithe tionchair dá gcuid féin ag gabháil leo.

### **4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Féachann an Coimisiún lena thosaíochtaí a shaothrú mar a leagtar amach iad sna treoirlínte polaitiúla mar chuid den uaillmhian is leithne maidir le buiséad an Aontais. Sa chomhthéacs sin is tosaíocht é Ciste um Aistriú Cóir uaillmhianach. Is é seo an chúis go bhfuil curtha síos ag an gCoimisiún go han-luath ina théarma oifige an togra reachtach maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir atá comhlántach leis na tograí atá ann cheana maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ('CAI') eile agus a thagann sa bhreis ar na tograí sin. Cuideoidh an togra seo, mar aon leis an leasú seo ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna, leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcéad CAI eile agus measfar go ndéanfar é a chomhtháthú i gcreat comhaontaithe fhoriomláin maidir leis an gcéad CAI eile.

---

<sup>3</sup> COM(2018) 375 final.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é a chuimsítear leis an gcreat dlíthiúil togra tiomnaithe le haghaidh Rialachán maidir le Ciste um Aistriú Cóir agus modhnuithe spriocdhírthe ar thogra an Choimisiúin le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

Beidh seachadadh agus cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir faoi rialú ag Rialachán na bhForálacha Coiteanna, atá le leasú.

Baineann na príomhleasuithe a thugtar isteach leis an méid seo a leanas:

- Coigeartuithe ar na ceanglais ábhair maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus cláir a fhaigheann tacaíocht ón gCiste um Aistriú Cóir. Leagtar amach iontu sin go háirithe an oibleagáid pleananna críochacha um aistriú cóir a thíolacadh, mar a shainmhínítear sa togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste um Aistriú Cóir, mar inscríbhinn a ghabhann leis na cláir lena mbaineann tacaíocht ón gCiste um Aistriú Cóir.
- Tuairisc ar an sásra agus na rialacha lena rialáítear aistriú éigeantach acmhainní CFRE agus CSE+ chuig an gCiste um Aistriú Cóir, ar bhonn na gcineálacha idirghabhála a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh.
- Cur i bhfeidhm na bhforálacha a leagtar amach i Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus sa togra le haghaidh Ciste um Aistriú Cóir maidir le hacmhainní comhlántacha CFRE/CSE+ chun a áirithiú go mbeidh aon sraith rialacha infheidhme maidir le hacmhainní uile an Chiste um Aistriú Cóir (stór acmhainní aonair lena ngabhann tacar rialacha amháin).
- Míniúchán ina léirítear nach gcuimsítear na suimeanna a aistrítear ó CFRE agus ó CSE+ mar acmhainní a chomhlánaíonn an Ciste um Aistriú Cóir leis na boinn chun na ceanglais maidir le comhdhlúthú téamach CFRE agus CSE+ a ríomh.

Togra leasaithe le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí**

Leasaítear togra COM(2018) 375 ón gCoimisiún mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal an Airteagail:

Togra le haghaidh

### **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí";**

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 2:

"(2) Le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhordú agus ar chomhchuíbhiú chur chun feidhme na gcistí de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, mar atá Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), bearta arna maoiniú faoi bhainistíocht comhroinnte sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), an Ciste Tearmainn agus Imirce (CTIL), an Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) agus an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT), ba cheart rialacha airgeadais bunaithe ar Airteagal 322 CFAE a leagan síos do na Cistí sin uile ('na Cistí'), ina sonrú go soiléir raon feidhme chur i bhfeidhm na bhforálacha éagsúla. Ina theannta sin, ba cheart forálacha coiteanna bunaithe ar Airteagal 177 CFAE a leagan síos chun rialacha maidir le beartais shonracha a chumhdach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus CEMI.";

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (8):

"(8) Chun rannchuidiú le tosaíochtaí an Aontais, ba cheart na Cistí a dtacaíocht a dhíriú ar líon teoranta cuspóirí beartais atá i gcomhréir lena misin Chiste-shonracha de bhun a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí. Ba cheart na cuspóirí do CTIL, CSI agus IBTV a leagan amach sna rialacháin Chistí-shonracha a bhaineann leo. CUAC agus acmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear mar thacaíocht chomhlántach do CUAC, ba cheart iad a bheith ag rannchuidiú le cuspóirí sonracha amháin.";

(4) in aithris (19), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú meántearma a dhéanamh ar gach clár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe. ";

(5) cuirtear isteach aithris (22a) seo a leanas:

"(22a) D'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht CUAC, ba cheart acmhainní comhlántacha ó CFRE agus ó CSE+ a chur ar fáil do CUAC. Ba cheart na hacmhainní comhlántacha sin a chur ar fáil trí aistriú éigeantach sonrath ó na cistí sin chuig CUAC agus aird á tabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haistriú a leagtar sna pleananna críochacha um aistriú cóir, ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart na méideanna atá le haistriú a sholáthar ó acmhainní chatagóirí na réigiún ina bhfuil na críocha lonnaithe atá sainaitheanta i bpleananna críochacha um aistriú cóir. I bhfianaise na socruithe sonracha sin maidir le hacmhainní CUAC a úsáid, ní bheidh feidhm ach ag an sásra aistrithe sonrath maidir le comhdhéanamh na n-acmhainní CUAC. Anuas air sin, ní mór a shoiléiriú nár cheart go mbeadh feidhm ach ag forálacha an Rialacháin agus Rialachán (AE) [Rialachán CUAC] maidir le CUAC agus maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC, a bheidh ina gcuid de thacaíocht CUAC freisin. Ní bheidh Rialachán (AE) [Rialachán CFRE/CC] ná Rialachán (AE) [Rialachán CSE+] infheidhme maidir leis an tacaíocht chomhlántach. Dá bharr sin, ba cheart acmhainní CFRE a aistrítear mar thacaíocht chomhlántach go CUAC a eisiámh ón mbonn ar a ríomhtar na ceanglais maidir le comhdhlúthú téamach a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) [Rialachán CFRE/CC] agus ón mbonn ar a ríomhtar na leithdháilte ar an bhforbairt uirbeach inbhuanaithe mar a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) [Rialachán CFRE/CC]. Baineann an méid sin freisin le hacmhainní CSE+ a aistrítear mar thacaíocht chomhlántach chuig CUAC i dtaca le ceanglais maidir le comhdhlúthú téamach a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) [Rialachán CSE+].";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 27:

"(27) Chun scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gclár, ba cheart don Bhallstát coistí faireacháin a chur ar bun. Do CFRE, do CSE+ agus don Chiste Comhtháthaithe, ba cheart, in ionad na dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme, comhphlé struchtúrtha bliantúil faoi bheartas a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí agus ar shonraí faoi chur chun feidhme na gclár arna gcur ar fáil ag na Ballstáit. Ba cheart an cruinniú athbhreithnithe bliantúil a eagrú freisin i dtaca le cláir lena gcumhdaítear CUAC.";

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (39):

"(39) D'fhonn comhlántachtaí a fheabhsú agus cur chun feidhme a shimpliú, ba cheart é a bheith indéanta tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CFRE a chomhcheangal le tacaíocht ó CSE+ i gcláir chomhpháirteacha faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.";

(8) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 1:

"1. Leagtar síos leis an Rialachán seo:

(a) rialacha airgeadais maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), an Ciste Tearmainn agus Imirce (CTIL), an

Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí (IBTV) ('na Cistí');

(b) forálacha coiteanna is infheidhme maidir le CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMI.";

(b) i mír 6, cuirtear isteach an pointe (h) seo a leanas:

"(h) Rialachán (AE) [Rialachán CUAC] ('Rialachán CUAC')(\*)

(\*) OJ L , , lch. .";

(9) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

'Le CUAC tacófar leis an gcuspóir sonracha maidir le réigiúin agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil an aistrithe chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de'.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír de mhír 1 maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC i gcomhréir le Airteagal 21a.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 2:

"2. Rannchuideoidh CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe agus CUAC le gníomhaíochtaí an Aontais ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE, trí na spriocanna seo a leanas a shaothrú:

(a) Infheistíocht le haghaidh fáis agus post i mBallstáit agus i réigiúin, lena dtacófar le tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC; agus

(b) Comhar críochach Eorpach (Interreg), lena dtacófar le tacaíocht ó CFRE.";

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

"I gcás CFRE, CSE+, an Chiste Chomhtháthaithe agus CUAC, cuirfear na hualaithe i gceangal le diminsin agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála a leagtar síos in Iarscríbhinn I.";

(10) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) na cuspóirí beartais atá roghnaithe agus cuspóir sonracha CUAC ag léiriú cé na Cistí agus na cláir lena saothrófar iad agus an t-údar atá leis sin, agus i gcás inarb ábhartha, an t-údar atá le húsáid a bhaint as an modh seachadta faoi InvestEU, ag cur san áireamh na moltaí tír-shonracha ábhartha;"

(b) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"(b) i dtaca leis na cuspóirí beartais atá roghnaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus cuspóir sonracha CUAC;"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) an réamh-leithdháileadh airgeadais ó gach ceann de na Cistí de réir an chuspóra beartais ar an leibhéal náisiúnta, ag urramú na rialacha Ciste-shonracha maidir le comhdhlúthú téamach agus an réamh-leithdháileadh

airgeadais le haghaidh chuspóir sonracha CUAC lena n-áirítear aon acmhainní CFRE agus CSE+ atá le haistriú chuig CUAC i gcomhréir le Airteagal 21a;"

(11) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal an Airteagail:

*"Airteagal 10*

**Úsáid CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMI arna seachadadh trí InvestEU"**;

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"1. An méid ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CEMI atá le ranníoc le InvestEU agus le seachadadh trí rátháíochtaí buiséadacha, féadfaidh na Ballstáit é a leithdháileadh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó san iarraidh ar leasú ar chlár.";

(12) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn IV maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CEMI.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le hacmhainní a fhaigheann tacaíocht ó CUAC agus maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC i gcomhréir le Airteagal 21a. ";

(13) in Airteagal 14, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"1. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC, athbheithneoidh an Ballstát gach clár, ag cur na nithe seo a leanas san áireamh:";

(b) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

"(e) ina theannta sin, i dtaca le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún, de bhun phointe (b) d'Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2018/1999<sup>(\*)</sup>.

<sup>(\*)</sup> Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.";

(14) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 1:

"1. Leagfar amach i ngach clár straitéis maidir le rannchuidiú an chláir leis na cuspóirí beartais nó maidir le cuspóir sonracha CUAC agus maidir le cumarsáid faoina torthaí.";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"2. Tosaíochtaí a bheidh i gclár. Beidh gach tosaíocht ag comhfhreagairt do chuspóir beartais aonair nó do chuspóir sonracha CUAC nó do chúnamh



teicniúil. Beidh cuspóir sonracha amháin nó níos mó i dtosaíocht atá ag freagairt do chuspóir beartais. D'fhéadfadh níos mó ná tosaíocht amháin freagairt don chuspóir beartais céanna nó do chuspóir sonracha CUAC.";

(c) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an pointe (viii) seo a leanas leis:

"(viii) Ina theannta sin, i dtaca le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, dúshlán a bhaineann le haistriú sna pleananna críochacha um aistriú cóir a leagtar amach in Airteagal [7] de Rialachán (AE) [Rialachán CUAC];";

(ii) leasaítear pointe (d) mar a leanas:

- cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (i):

"(i) na cineálacha gníomhaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear liosta d'oibríochtaí atá beartaithe a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, agus an méid a mheastar a chuirfidh siad leis na cuspóirí sonracha sin, le straitéisí mhicriréigiúnacha, le straitéisí imchuach farraige, agus le pleananna críochacha um aistriú cóir a leagtar amach in Airteagal [7] de Rialachán (AE) [Rialachán CUAC] a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, i gcás inarb iomchuí";

- cuirtear an pointe (viii) seo a leanas isteach:

"(viii) ina theannta sin, i dtaca le cuspóirí sonracha CUAC, bonn cirt na méideanna a aistrítear ó CFRE agus CSE + faoi seach i gcomhréir le Airteagal 21a, mar aon lena miondealú de réir catagóire réigiúin, lena léirítear na cineálacha idirghabhála atá beartaithe i gcomhréir leis na pleananna críochacha um aistriú cóir a leagtar amach in Airteagal [7] de Rialachán (AE) [Rialachán CUAC];";

(iii) i bpointe (f), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (i):

"(i) tábla ina sonrú na leithdháiltí airgeadais iomlána do gach ceann de na Cistí agus do gach catagóir réigiúin don chlárthréimhse ina hiomláine agus de réir bliana, lena n-áirítear aon mhéideanna arna n-aistriú de bhun Airteagal 21 nó Airteagal 21a;";

(d) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 6:

"(6) I gcás cláir de chuid CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe agus CUAC arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 16, cuimseoidh an tábla dá dtagraítear i mír (3)(f)(ii) na méideanna do na blianta 2021 go 2025, agus do na blianta sin amháin.";

(e) cuirtear isteach mír 8 a leanas:

"8. Maidir le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin na pleananna críochacha um aistriú cóir mar a leagtar amach iad in Airteagal [7] de Rialachán (AE) [Rialachán CUAC] mar chuid den chlár nó mar iarratas ar a leasú.";

(15) i mír 5 d'Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"5. Féadfaidh an Ballstát suas le 5 % den leithdháileadh tosaigh do thosaíocht, gan dul thar 3 % den bhuiséad don chlár, a aistriú le linn na clárthréimhse chuig tosaíocht eile de chuid an Chiste céanna atá ag tacú leis an gclár céanna. I gcás cláir a

fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ agus ó CUAC, ní bhainfidh an t-aistriú ach le leithdháiltí don chatagóir chéanna réigiúin.";

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

*"Airteagal 20*

***Tacaíocht comhpháirteach ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC***

1. Féadfaidh CFRE, CSE+, CUAC agus an Ciste Comhtháthaithe tacaíocht a sholáthar go comhpháirteach faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

2. Maidir le hoibríocht nó cuid d'oibríocht a bhfuil na costais ina leith incháilithe do thacaíocht ó Chiste eile ar bhonn na rialacha incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gCiste sin, féadfaidh CFRE agus CSE+ í a mhaoiniú, ar bhealach comhlántach agus faoi réir teorann 10 % den tacaíocht ó na Cistí sin le haghaidh gach tosaíochta de chlár, ar choinníoll go bhfuil na costais sin riachtanach chun an oibríocht a chur chun feidhme. Ní bheidh feidhm ag an rogha sin maidir le hacmhainní CFE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC i gcomhréir le Airteagal 21a.";

(17) in Airteagal 21, cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

"6. Maidir le hacmhainní CUAC, lena n-áirítear na hacmhainní a aistrefar ó CFRE agus CCSE + i gcomhréir le Airteagal 21a, ní bheidh siad inaistrithe chuig Cistí nó ionstraimí eile de bhun mhír 1 go mír 5.

Ní bhfaighidh CUAC aistrithe de bhun mhír 1 go mír 5.

Déanfar aistriú acmhainní ó CFRE agus CSE+ chuig CUAC i gcomhréir le hAirteagal 21a a eisiamh ón mbonn ríomha chun críocha na huasteorann 5 % a bhunaítear i mír 1. ";

(18) cuirtear isteach an tAirteagal seo 21a a leanas:

*"Airteagal 21a*

***Aistriú acmhainní ó CFRE agus CSE+ chuig CUAC***

1. Déanfar méid na n-acmhainní atá ar fáil do CUAC faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post i gcomhréir le hAirteagal [3] de Rialachán (AE) [Rialachán CUAC] a chomhlánú le hacmhainní ó CFRE, ó CCSE+ nó ó mheascán díobh sin, na catagóire réigiúin ina bhfuil an chríoch lena mbaineann lonnaithe. Beidh iomlán na n-acmhainní CFRE agus CSE+ aistrithe chuig CUAC ar a laghad cothrom le hoiread go leith de mhéid na tacaíochta ón CUAC chuig an tosaíocht sin ach ní rachaidh sé thar [trí] oiread de. In aon chás ní rachaidh na hacmhainní iomlána a aistrefar ó CFRE nó ó CSE+ thar 20 % den leithdháileadh ó CFRE agus ó CSE + faoi seach chuig an mBallstát lena mbaineann.

Na haistrithe ó acmhainní CFRE agus CSE+ faoi seach chuig an tosaíocht nó na tosaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, léireofar leosan na cineálacha idirghabhála i gcomhréir leis an bhfaisnéis a leagtar amach sa chlár de bhun pointe (viii) d'Airteagal 17(3)(d). Measfar gur aistrithe cinntitheacha iad na haistrithe sin.

2. Déanfar acmhainní CUAC, lena n-áirítear na hacmhainní a aistrítear ó CFRE, agus CSE+, a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [Rialachán CUAC]. Na rialacha a

leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CFRE/CC] agus i Rialachán (AE) [Rialachán CSE+], ní bheidh feidhm acu maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear i gcomhréir le mír 1.";

(19) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Féadfaidh CFRE, CSE+, CUAC agus CEMI tacú leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.";

(20) i mír 2 d'Airteagal 31, cuirtear isteach an pointe (e) mar seo a leanas:

"(e) i dtaca le tacaíocht CUAC: 3,25 %.";

(21) i mír 2 d'Airteagal 35, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

" (b) na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMI, ó CTI, ó CSI agus ó IBTV, agus na tuarascálacha deiridh ar fheidhmíocht i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC;"

(22) i mír 3 d'Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"3. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC, déanfaidh an Ballstát, tráth nach déanaí ná aon mhí amháin roimh an gcruinniú athbhreithnithe bliantúil, an fhaisnéis faoi na heilimintí a liostaítear in Airteagal 35(1) a sholáthar don Choimisiún.";

(23) in Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC, cuirfidh gach údarás bainistíochta tuarascáil feidhmíochta deiridh ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra 2031.";

(24) i bpointe (c) d'Airteagal 45(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

"(ii) oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE+, ó CUAC, ó CEMI, ó CSI, ó CTIL agus ó IBTV ar mó a gcostas iomlán ná EUR 100 000;"

(25) i mír 1 d'Airteagal 48, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Más rud é nach mó costas iomlán na hoibríochta ná EUR 200 000, beidh an ranníocaíocht a thabharfar ó CFRE, ó CSE+, ó CUAC, ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, i bhfoirm costais aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe, cé is moite de thionscadail inarb ionann an tacaíocht agus státhabhair. Má úsáidtear maoiniú ar ráta comhréidh, ní fhéadfar ach na catagóirí costais a bhfuil feidhm ag an ráta chomhréidh maidir leo a aisíoc i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír.";

(26) in Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI, ó IBTV, ó CSE+, ó CUAC, agus ó CFRE, measfar gur costais bhreise incháilithe nach n-áirítear sa ráta comhréidh iad na tuarastail agus na liúntais a íoctar le rannpháirtithe.";

(27) Leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"I dtaca le CUAC, leis an gcaiteachas a bhaineann le hoibríochtaí rannchuideofar le cur chun feidhme an phlean críochach ábhartha um aistriú cóir a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal [7] de Rialachán (AE [Rialachán CUAC]).";

(b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad míre agus an dara fómhír:

"I gcás CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe agus CUAC, beidh sin amhlaidh má chuirtear cineál nua idirghabhála leis an gclár, dá dtagraítear i dTábla 1 in Iarscríbhinn I nó, i gcás CTIL, CSI agus IBTV, dá dtagraítear sna Rialacháin Chiste-shonracha.";

(28) in Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE + nó ó CUAC i gcomhréir le [pointí (h), (i) agus (j) d'Airteagal [4 (2)]] de Rialachán (AE) [Rialachán CUAC], déanfaidh siad an tacaíocht a aisíoc nuair a bheidh siad faoi oibleagáid infheistíocht a chothabháil faoi rialacha státhabhrach.";

(29) i mír 2 d'Airteagal 73, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír:

"Féadfaidh an sampla staidrimh clár amháin nó níos mó a chumhdach a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CSE+ agus, faoi réir srathú i gcás inarb iomchuí, clárthréimhse amháin nó níos mó a chumhdach de réir bhreithiúnas gairmiúil an údarais iniúchóireachta.";

(30) i mír 3 d'Airteagal 74, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"3. Oibríochtaí nach dtéann an caiteachas incháilithe iomlán dóibh thar EUR 400 000 i leith CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, EUR 300 000 i leith CSE+ agus CUAC, nó EUR 200 000 i leith CEMI, CTIL, CSI agus IBTV, ní bheidh siad faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin ag an údarás iniúchóireachta nó ag an gCoimisiún sula gcuirfear isteach na cuntais ina n-áirítear caiteachas deiridh na hoibríochta lánchríochnaithe.";

(31) in Airteagal 96, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Maidir leis an mbliain chuntasaíochta deiridh, déanfaidh an Coimisiún iarmhéid bhliantúil na gcuntas a íoc nó a ghnóthú i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ ó CUAC agus ón gCiste Comhtháthaithe tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis an dáta a ghlacfar leis an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 38.";

(32) in Airteagal 98, cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

"6. Sna rialacha Ciste-shonracha maidir le CUAC, féadfar forais shonracha a leagan síos maidir le ceartuithe airgeadais ag an gCoimisiún i ndáil le neamh-chomhlíonadh rialacha is infheidhme a bhunaítear i dtaca le CUAC.";

(33) in Airteagal 99, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. An chuid de na gealltanais a bheidh fós ar oscailt an 31 Nollaig 2029, déanfar í a shaoradh mura gcuirfear an pacáiste dearbhaithe agus an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht le haghaidh cláir a fhaigheann tacaíocht ó CSE+, ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC faoi bhráid an Choimisiúin faoin teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 38(1).";

(34) i mír 3 d'Airteagal 106, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Ní bheidh an ráta cómhaoinithe le haghaidh na tosaíochta a fhaigheann tacaíocht ó CUAC níos airde ná na rátaí cómhaoinithe a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír is infheidhme maidir leis an réigiún ina bhfuil an chríoch nó na

críocha lonnaithe a shainaithnítear sna pleananna críochacha maidir le haistriú cóir i gcomhréir le hAirteagal [7] de Rialachán (AE) [Rialachán CUAC].";

(35) déantar Iarscríbhinní I, II, IV, V agus VII a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*